Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Aibreán 2023
(OR. en)

7845/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0050(COD)**

**CODEC 487**
**SOC 213**
**ANTIDISCRIM 28**
**GENDER 32**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn ar obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus forfheidhmithe **(an chéad léamh)** - Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 4 Márta 2021, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 157(3) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 9 Meitheamh 2021[2].

3. An 30 Márta 2023, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann glacadh leis[3].

[1] 6750/21 + CO1RE1; ADD 1-3.
[2] IO C 341, 24.8.2021, lch. 84.
[3] 7797/23.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis an méid sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE- CONS 81/22 é, a fhormheas mar mhír 'A' ag cruinniú a bheidh aici amach anseo, agus an Bhulgáir, an Ungáir agus an tSualainn ag vótáil ina choinne, agus an Ghearmáin agus an Laitvia ag staonadh ón vótáil.

5. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

6. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.